

An tAonad Suiteálacha Seasta agus Rothstoic (FIRST):

Cuireann an tAonad Suiteálacha Seasta agus Rothstoic (FIRST) ar chumas na Gníomhaireachta a dualgas a chomhlíonadh i réimsí an Infreastruchtúir, an Fhuinnimh, an Innil Fhéinghuaiste & na gCarráistí Paisinéirí, an Vaigín, na Sábháilteachta i dTolláin Iarnróid, an Torainn agus na Daoine a bhfuil Soghluaisteacht Laghdaithe acu.

Tá an tAonad i gceannas ar na nithe seo a leanas, go háirithe:

- Cothabháil na [Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht](#) (STInna) do na fochórais atá faoina chúram lena sainítear na ceanglais éigeantacha chun idir-inoibritheacht chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh a áirithiú;
- Na [rialacha Teicniúla Náisiúnta](#) a bhainistiú chun a áirithiú go bhfuil an reachtaíocht náisiúnta i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha don chóras iarnróid agus leis na ceanglais chomhchuibhithe atá sa reachtaíocht AE;
- Tacaíocht a sholáthar do na comhlachtaí measúnaithe comhréireachta dá dtugtar fógra agus d'Eagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú chun doiciméid fhorlíontacha a fhorbairt (Caighdeáin Eorpacha, Ceisteanna agus Soiléirithe) atá nasctha le raon feidhme na STInna.

Cuireann croí-inniúlachtaí an Aonaid FIRST le gníomhaíochtaí eile na Gníomhaireachta freisin, go háirithe gníomhaíochtaí a bhaineann le hÚdarú Feithicle, le scaipeadh agus le taighde.